# Ag obair cosúil gur eolaí thú

Is áit spreagúil do scoláirí é an seomra ranga eolaíochta, agus an tsaotharlann san áireamh, le bheith ag foghlaim cad é a bhíonn i gceist le bheith i d'eolaí. Agus muid ag forbairt ár gcuid scoláirí chun smaoineamh agus gníomhú mar a bheadh eolaí ann, b'fhiú iad a chumhachtú le bheith freagrach as a sábháilteacht ar dhóigh chomhroinnte. Is féidir leis an gcur chuige sin cabhrú le scoláirí nós eolaíochta intinne a fhorbairt agus chabhródh sé leo freisin a thuiscint cad é is féidir leo a dhéanamh chun a sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile a chinntiú. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach faoi láthair mar gheall ar na réamhchúraimí breise a mbíonn gá leo sna cúinsí reatha. Chun cabhrú le scoláirí na scileanna agus na meonta seo a fhorbairt i dtreo freagracht chomhroinnte, tugann an acmhainn seo deis ar obair eolaí a fhiosrú i gcomhthéacsanna éagsúla.

**Toradh Foghlama i bhFócas**

**Nádúr na hEolaíochta 1**: **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire léirthuiscint a bheith aige don chaoi a mbíonn eolaithe ag obair** agus don chaoi a gcoigeartaítear tuairimí le himeacht aimsire

**Intinní Foghlama**

Trí pháirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo:

1. Forbróidh an scoláire a thuiscint ar cad tá i gceist le bheith ag obair mar eolaí
2. Tuigfidh an scoláire na cleachtais éagsúla go léir a úsáideann eolaithe chun a sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile a chinntiú
3. Tosóidh an scoláire a thuiscint cén fhreagracht atá orthu féin a sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile a chinntiú

**Treoirlínte an Mhúinteora**

Seo bailiúchán físeán ina bhfeictear daoine éagsúla ag obair mar eolaithe. Tá achoimre ar a gcuid oibre le fáil freisin. D'fhéadfaí iad sin a úsáid mar noid do scoláirí chun:

i) Smaoineamh ar na contúirtí a bhaineann le h-eolaíocht i gcomhthéacsanna éagsúla
ii) Leibhéil riosca ghaolmhara na gcontúirtí sin a oibriú amach
iii) Tosú a dhul i ngleic le measúnú riosca agus contúirtí in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí

Chun teacht ar an bhfíseán, coinnigh an cnaipe *Ctrl* thíos ar do ríomhaire agus cliceáil ar an íomhá nó ar an nasc. Mura bhfuil fáil agat ar an idirlíon, is féidir le scoláirí páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht trí úsáid a bhaint as an achoimre ar obair an eolaí.

Tá bileog oibre ar fáil chun cabhrú le scoláirí sábháilteacht a mheas i gcomhthéacsanna éagsúla. Moltar do scoláirí a róil agus a bhfreagrachtaí féin i gcás na sábháilteachta a mheas agus iad ag obair mar eolaí.

Tá bileog oibre bhreise ar fáil ar leathanach 6. D'fhéadfaí í sin a úsáid chun cabhrú le scoláirí contúirtí a aithint in áiteanna eile seachas sa seomra ranga eolaíochta.

Tá leabharmharc curtha ar fáil freisin a chabhróidh le scoláirí smaoineamh ar shábháilteacht.

| Obair na n-eolaithe | Nasc físe |
|---|---|
| Tá an t-eolaí seo ag fiosrú conas teicnící reatha a fheabhsú. |  Teicnící reatha (4:08 nóiméad) |
| Tá an t-eolaí seo ag bailiú samplaí laibhe a ó bholcán lena dtabhairt ar ais chuig an tsaotharlann chun anailís a dhéanamh orthu. |  Laibhe a iniúchadh (4:03 nóiméad) |
| Tá na h-eolaithe seo ag breathnú ar iompar ainmhithe san Antartach thar shéasúr an Gheimhridh. |  An Geimhreadh san Antartach (4:02 nóiméad) |
| Tá an scoláire seo ag obair cosúil le h-eolaí trí imscrúdú a dhéanamh ar orgánaigh a bhíonn i bportach. (Breathnaigh an físeán go dtí 5:23 nóiméad) |  Orgánaigh sa phortach (3:51 nóiméad) |

| Obair na n-eolaithe | Nasc físe |
|---|---|
| Tá an cócaire seo ag obair mar a bheadh eolaí ann chun iniúchadh a dhéanamh ar an modh is éifeachtaí chun sceallóga briosca a dhéanamh. |  Ag déanamh sceallóga prátaí (2: 47 nóiméad) |
| Tá an t-eolaí seo ag déanamh anailís ar shamplaí fola agus ag teacht ar chonclúidí ó na sonraí a bailíodh. |  Galair a dhiagnóisiú (1:27 nóiméad ) |
| Tá an t-eolaí seo ag úsáid sonraí ríomhaireachta chun fiosrú a dhéanamh ar an méid atá le feiceáil i gcórais spáis éagsúla |  Gáis sa spás (4:22 nóiméad) |


# Bileog Oibre an Scoláire

**Ag baint úsáid as na samplaí de "obair eolaí" pléigh an méid seo a leanas**




**Bain úsáid as na ceisteanna seo chun do chuid oibre mar eolaí a phlé**

1. Mar chuid d'eolaíocht scoile, oibreoidh tú mar a bheadh eolaí ann. Cad iad na suíomhanna a bhféadfá oibriú iontu mar eolaí?
2. **Is contúirt é rud ar bith a bhfuil sé ar a chumas dochar a dhéanamh duit.** Roghnaigh dhá chontúirt fhéideartha a bhaineann le bheith ag obair i gceann de na suíomhanna sin.
3. **Is tomhas é an riosca ar cé chomh dóchúil is atá sé go ndéanfadh an chontúirt dochar do dhuine**. Ar an scála, marcáil cé chomh dóchúil agus a cheapann tú go ndéanfadh na contúirtí seo dochar duit féin nó do dhaoine eile.



4. Cén chaoi a bhféadfaí leibhéal riosca na contúirtí  seo a laghdú?
5. Cé atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chontúirtí agus ar rioscaí gaolmhara le linn obair phraiticiúil?

Anois tabhair achoimre sa tábla seo a leanas ar an bplé a rinneadh:

| **Suíomh** | **Contúirt** | **Riosca** | **Réamhchúram chun riosca a laghdú** |
|---|---|---|---|
| | | | |


6. Sa tsaotharlann eolaíochta, is féidir le contuirtí  breise a bheith ann. Conas a aithnítear na contúirtí  sin?

7. Beidh trealamh sábháilteachta breise ag teastáil i roinnt obair phraiticiúil eolaíochta. Liostaigh an trealamh sábháilteachta breise atá ar fáil sa tsaotharlann eolaíochta.

# Athmachnamh an mhúinteora

Cad é an buntáiste a bhaineann le fiosrú a dhéanamh ar obair eolaí i gcomhthéacsanna difriúla?

Cad é an buntáiste a bhaineann le húsáid a bhaint as físeán chun inniúchadh a dhéanamh ar obair eolaí?



Cad iad na teorainneacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo?

An bhféadfaí cur leis an ngníomhaíocht seo?

Cén ról a d'fhéadfadh scoláirí a ghlacadh chun sábháilteacht a chinntiú sa seomra ranga eolaíochta?

An mbíonn gá i gcónaí leis an seomra eolaíochta le haghaidh obair phraiticiúil?

# Contúirtí agus Rioscaí a aithint

## Teimpléad Tacaí do Scoláirí

| |
|---|
| **Smaoinigh ar áiteanna eile seachas an tsaotharlann ina bhféadfása mar eolaí obair phraiticiúil a dhéanamh** |

| Aithinigh na contúirtí agus an leibhéil riosca a mbaineann le aon áit eile ina bhfuil obair phraiticiúil eolaíochta á dhéanamh agat | |
|---|---|
| Tarraing léaráid den áit eile a roghnaigh tú le h-aghaidh obair phraiticiúil eolaíochta.<br>Cuir ciorcal ar gach contúirt fhéideartha a aithníonn tú, san áit sin. | Déan liosta de na contúirtí a aimsíodh agus an leibhéil riosca |
| | |

| Réamhchúraimí a ghlacfaidh mé |
|---|
| |

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# A Bheith i d'Eolaí Sábháilte

Tá an leabharmharc seo ann chun cabhrú le scoláirí meonta agus scileanna eolaí sábháilte a fhorbairt.

## Céimeanna chun leabharmharc a dhéanamh

1. Priontáil amach an leathanach thíos. Tá dhá leabharmharc le fáil sa teimpléad.
2. Gearr amach an leabharmharc go mbeidh an cúl agus an tosach ceangailte lena chéile go fóill.
3. Fill an chuid bhán idir an dá leath chun leabharmharc dúbailte a chruthú.
4. Greamaigh nó lannaigh iad ionas go mairfidh siad.










Má dhéantar iad ina dtacar ranga, lean rialacha sláinte agus sábháilteachta i leith ábhair a dháileadh ar scoláirí

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers







